RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2071 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Meán Fómhair 2023

lena mbunaítear teimpléad don suirbhé struchtúrtha ar fhaighteoirí deiridh bia agus/nó cúnaimh ábhartha bhunúsaigh faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) de bhun Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) ([1]) ('Rialachán CSE+'), agus go háirithe Airteagal 23(4) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán CSE+, ceanglaítear ar na húdaráis bhainistíochta torthaí suirbhé struchtúrtha a rinneadh le linn na bliana roimhe sin ar fhaighteoirí deiridh a thuairisciú faoi dhó don Choimisiún, suirbhé a bhaineann leis an tacaíocht a fuarthas ó CSE+ faoin gcuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+ agus lena ndírítear freisin ar a ndálaí maireachtála agus ar chineál a ndíthe ábhartha. Déanfar an chéad tuairisciú den sórt sin faoin 30 Meitheamh 2025 agus an dara ceann faoin 30 Meitheamh 2028.

(2) Tá an suirbhé struchtúrtha seo ar fhaighteoirí deiridh ar cheann de na hionstraimí a úsáidfear chun meastóireacht a dhéanamh ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Chun a áirithiú go mbeidh torthaí ardcháilíochta ar an suirbhé agus go rannchuideoidh sé go fónta leis an meastóireacht ar CSE+, is gá teimpléad a bhunú lenar féidir sonraí a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar an suirbhé struchtúrtha ar fhaighteoirí deiridh dá dtagraítear in Airteagal 23(3) de Rialachán (AE) 2021/1057 i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach sna hIarscríbhinní.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 21.

IARSCRÍBHINN I

TEIMPLÉAD SUIRBHÉ STRUCHTÚRTHA AR THACAÍOCHT DHÍREACH CSE+ CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR DHÍTH ÁBHARTHA

CEISTEANNA

Eagraíocht an Agallóra: [ainm an eintitis a bhfuil an t-agallóir ag obair dó]

Áit: [cód poist na háite óna ndéantar an suirbhé]

An tairbhí a bhfuil tacaíocht á soláthar aige: [ainm na heagraíochta óna bhfuair an faighteoir deiridh cúnamh]

[an cineál eagraíochta]

[gníomhaíocht na heagraíochta: sláinte, oideachas, cosaint shóisialta, bia, tacaíocht chomhairleach, tacaíocht shíceolaíoch, tacaíocht tithíochta, eile]

Dáta: [dáta an tsuirbhé san fhormáid ll/mm/bbbb]

Am: [am an tsuirbhé san fhormáid uu:nn]

A. **Ceisteanna ar an tairbhí a sholáthraíonn bia nó cúnamh ábhartha bunúsach (earraí) d'fhaighteoirí deiridh**

A1. **Cén bia/earraí a dáileadh agus cén duine a fuair iad? (tabhair freagra ar gach ceist)**	
Bia dáilte ar leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine gan dídean	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar mhná	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar thuismitheoirí aonair	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine faoi mhíchumas	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar náisiúnaigh tríú tír, ar dhaoine ó chúlra eachtrach nó ar dhaoine ó chúlra mionlaigh	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine eile	(Is ea/Ní hea) (agus más ea, sonraigh an spriocghrúpa)
Earraí dáilte ar leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine gan dídean	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar mhná	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar thuismitheoirí aonair	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine faoi mhíchumas	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar náisiúnaigh tríú tír, ar dhaoine ó chúlra eachtrach nó ar dhaoine ó chúlra mionlaigh	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine eile	(Is ea/Ní hea) (agus más ea, sonraigh an spriocghrúpa)

A2. **Cé chomh minic agus a dháileann tú cúnamh (bia/earraí)?**

Go laethúil	
Dhá uair sa tseachtain	
Go seachtainiúil	
Dhá uair sa mhí	
Go míosúil	
Eile (sonraigh)	

A3. **Déan meastachán ar an líon iomlán daoine a mbeidh bia/earraí atá á gcómhaoiniú faoi CSE+ faighte acu ó d'eagraíocht le linn na bliana féilire seo ina hiomláine** [1]

{uimhir}

A4. **Má thugann tú cúnamh (bia/earraí) d'fhaighteoirí deiridh freisin, cúnamh nach bhfuil á chómhaoiniú faoi CSE+, cad a dháiltear agus cé air a ndáiltear é? (tabhair freagra ar gach ceist)**

Bia dáilte ar leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine gan dídean	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar mhná	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar thuismitheoirí aonair	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine faoi mhíchumas	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar náisiúnaigh tríú tír, ar dhaoine ó chúlra eachtrach nó ar dhaoine ó chúlra mionlaigh	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine eile	(Is ea/Ní hea) (agus más ea, sonraigh an spriocghrúpa)
Earraí dáilte ar leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine gan dídean	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar mhná	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar thuismitheoirí aonair	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine faoi mhíchumas	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar náisiúnaigh tríú tír, ar dhaoine ó chúlra eachtrach nó ar dhaoine ó chúlra mionlaigh	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine eile	(Is ea/Ní hea) (agus más ea, sonraigh an spriocghrúpa)
Níl a fhios agam mar níl sé inrianaithe	(Is ea/Ní hea)
Ní bhaineann le hábhar mar ní sholáthraímid ach tacaíocht atá á cómhaoiniú faoi CSE+	(Is ea/Ní hea)

[1] Maidir leis an suirbhé atá dlite in 2025, tagraíonn 'an bhliain féilire seo' don bhliain féilire 2024. Maidir leis an suirbhé atá dlite in 2028, tagraíonn 'an bhliain féilire seo' don bhliain féilire 2027.

A5. **Cén chaoi a ndáileann tú bia/earraí ar fhaighteoirí deiridh? (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Tagann na faighteoirí deiridh go dtí an pointe dáileacháin chun an cúnamh seo a bhailiú	
Seachadadh chun an bhaile	
Eile	(sonraigh)
Ní bhaineann le hábhar mar is ar eagraíochtaí eile atá cúram an dáileacháin agus déanann siadsan an bia/na hearraí a athdháileadh go díreach ar na faighteoirí deiridh	

A6. **Cén chomhairle/treoir (ar a dtugtar 'bearta tionlacain') a thairgtear d'fhaighteoirí deiridh, chomh maith le dáileadh bia/earraí atá á chistiú faoi CSE+? (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Comhairle maidir le hullmhú/stóráil bia agus cothú (ceardlanna cócaireachta, oidis)	
Comhairle sláinte	
Atreorú chuig seirbhísí inniúla (e.g. seirbhísí sóisialta, seirbhísí riaracháin, etc.)	
Cóitseáil aonair agus ceardlanna	
Tacaíocht shíceolaíoch agus theiripeach	
Comhairle maidir le cuardach poist	
Comhairle maidir le buiséad teaghlaigh a bhainistiú	
Tacaíocht eile (le sonrú)	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ceann ar bith (ní bhaineann le hábhar)	

A7. **Déan meastachán ar líon na bhfaighteoirí deiridh a mbeidh tairbhe bainte acu as comhairle/treoir (bearta tionlacain) le linn na bliana féilire seo ina hiomláine** ([2])

{uimhir}

A8. **Cad iad na coinníollacha nach mór do na faighteoirí deiridh a chomhlíonadh chun bia/earraí agus comhairle a fháil atá á gcómhaoiniú faoi CSE+?**

[Bosca téacs]

A9. **I do thuairimse, leis na ceanglais riaracháin chun tacaíocht CSE+ a bhainistiú, an bhfuil aghaidh á tabhairt ar dhíth ábhartha?**

'An-éasca iad a chomhlíonadh'	
'Éasca iad a chomhlíonadh'	
'Neodrach' (níl sé éasca ná deacair iad a chomhlíonadh)	
'Deacair iad a chomhlíonadh'	
'An-deacair iad a chomhlíonadh'	

([2]) Féach an fonóta maidir le ceist A3.

A9a. **Má roghnaigh tú 'deacair iad a chomhlíonadh' nó 'an-deacair iad a chomhlíonadh', an féidir leat a mhíniú cén ceanglas nach bhfuil sé éasca é a chomhlíonadh?**

[Bosca téacs]

A10. **Cad iad na príomhbhuntáistí a bhaineann le bia/earraí a sholáthar go díreach i gcomparáid le dearbháin/cártaí a sholáthar?**
Agus cad iad na príomhdhúshláin a bhaineann le bia/earraí a sholáthar go díreach i gcomparáid le dearbháin/cártaí a sholáthar?

[Bosca téacs]

A11. **An bhfuil aon bharúil eile agat maidir le tacaíocht CSE+ do na daoine is díothaí, maidir leis an gcomhar idir na hÚdaráis Bhainistíochta agus na Tairbhithe nó maidir le réitigh mholta ar dheacrachtaí/dúshláin a thagann aníos?**

[Bosca téacs]

B. **Ceisteanna le haghaidh an fhaighteora deiridh bia nó cúnaimh ábhartha bhunúsaigh (earraí) a sholáthraítear trí thacaíocht CSE+**

Ba cheart don agallóir cuspóir an tsuirbhé a mhíniú go hachomair sula gcuireann sé tús leis na ceisteanna (chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi staid phearsanta an fhreagróra agus faoi thuairimí an fhreagróra maidir leis an tacaíocht a fuair sé).Ba cheart a chur in iúl d'fhaighteoir deiridh na tacaíochta dírí CSE+ gur suirbhé anaithnid atá ann agus gur chun críche an tsuirbhé seo, agus chun na críche sin amháin, a úsáidfear torthaí an tsuirbhé seo. Ba cheart an suirbhé príobháideachas na bhfaighteoirí deiridh a urramú.

B1.
Cad é d'inscne?

Fireann	Baineann	Neamh-dhénártha	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B2.
Cén aois thú?

0-17 ([3])	18-29	30-64	65 nó os a chionn	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B3. **Cuir in iúl cé acu díobh seo a leanas a chuireann síos ar do stádas cónaithe...**

I do chónaí i d'aonair	
I do chónaí mar lánúin gan leanaí	
I do chónaí i d'aonair agus leanaí agat	
I do chónaí mar lánúin agus leanaí agat	

([3]) I gcás inar leanbh é an faighteoir deiridh, ba cheart na freagraí a fháil ó thuismitheoir(í) nó ó ionadaí údaraithe.

Eile, sonraigh:	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B4. **Conas a fuair tú amach go raibh an tacaíocht CSE+ atá á fáil agat ar fáil? (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Trí sheirbhísí sóisialta/eagraíochtaí neamhbhrabúis	
Trí fhógra sa phreas, fógráin, bróisiúir, cártaí poist	
Tríd an idirlíon/na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, YouTube)	
Trí do mhuintir nó trí chairde	
Eile, sonraigh:	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B5. **Cuir in iúl cé acu díobh seo a leanas a fuair tú sa bhliain féilire seo. (is féidir roinnt boscaí a roghnú)**

	Is ea	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist
Bia		
Earraí		
Comhairle/treoir		

B6.
Cuir in iúl cé acu a bhí nó nach raibh an bia/na hearraí a cuireadh ar fáil úsáideach duitse nó do na daoine atá ina gcónaí leat.

Bhí	Suas go pointe	Ní raibh	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B6a. **Má d'fhreagair tú 'Ní hea' nó 'Suas go pointe', ar mhiste leat a chur in iúl cén fáth?**

Méid neamhleor bia/earraí	
Minicíocht neamhleor i dtaca le dáileadh bia/earraí	
Gan fáil a bheith ar an mbia/na hearraí a bhí á lorg agam	
Droch-chaighdeán bia/earraí	
Cineál eile cúnaimh a bhfuil gá leis (sonraigh, le do thoil)	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B7. **Má fuair tú bia atá á chistiú faoi CSE+, cuir in iúl cé na táirgí bia is mó atá úsáideach. (is féidir roinnt boscaí a roghnú)**

Glasraí agus torthaí úra	
Feoil	

Iasc	
Bainne	
Táirgí déiríochta eile (im, iógart, cáis...)	
Táirgí bunúsacha (plúr, ola, siúcra, pasta, rís...)	
Bia stánaithe (glasraí, torthaí, feoil...) nó béilí ullmhaithe (anraithí, béilí reoite...)	
Milseoga, brioscaí, gránaigh bhricfeasta	
Tae nó caife	
Bia do naíonáin (bainne púdair, ...)	
Bia eile	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ceann ar bith (ní bhaineann le hábhar mar ní bhfuair mé bia)	

B8. **Má fuair tú bia atá á chistiú faoi CSE+, cuir in iúl cé na táirgí earraí is mó atá úsáideach. (is féidir roinnt boscaí a roghnú)**

Éadaí agus trealamh do naíonáin	
Éadaí agus trealamh do leanaí	
Éadaí agus trealamh do dhaoine fásta	
Málaí codlata/pluideanna	
Trealamh cistine	
Línéadach tí agus táirgí glantacháin	
Míreanna sláinteachais	
Earraí eile	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ceann ar bith (ní bhaineann le hábhar mar ní bhfuair mé earraí)	

B9. **An bia/na hearraí a fuair tú, cé dó a bhfuil siad ceaptha? (is féidir roinnt boscaí a roghnú)**

Dom féin	Do dhaoine fásta eile atá ina gcónaí liom	Do leanaí atá ina gcónaí liom	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B10. **Cé chomh minic agus a fuair tú bia sa bhliain féilire seo?**

Gach lá	Uair sa tseachtain	Uair sa mhí	Minicíocht eile	Seo an chéad uair a fuair mé cúnamh	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist
			[sonraigh minicíocht]		

B11. **Cé chomh minic agus a fuair tú earraí sa bhliain féilire seo?**

Gach lá	Uair sa tseachtain	Uair sa mhí	Minicíocht eile	Seo an chéad uair a fuair mé cúnamh	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist
			[sonraigh minicíocht]		

B12. **An bhfuil a fhios agat cathain a bheidh an cúnamh céanna uait arís?**

Amárach	An tseachtain seo chugainn	An mhí seo chugainn	Eile (tréimhse)	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist
			[sonraigh an tréimhse]	

B13. **Má bhí aon deacracht agat maidir le bia/earraí a fháil, cuir in iúl cén cineál deacrachta a bhí ann. (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Bhí moilleanna agam mar gheall ar nósanna imeachta nó doiciméid bhreise a bhí le cur ar fáil	
Bhí orm taisteal i bhfad	
Bhí náire orm, ní maith liom cúnamh a iarraidh	
Bhí deacrachtaí agam rochtain a fháil ar fhaisnéis	
Bhí deacrachtaí teicniúla agam (gan fón póca ná ríomhaire agam, ná rochtain ar shuíomhanna gréasáin...)	
Níl an teanga ar mo thoil agam	
Eile (le sonrú)	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ceann ar bith (ní bhaineann le hábhar mar ní raibh aon deacracht agam)	
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B14. **An bia/na hearraí atá díreach faighte agat, má bhí tú in acmhainn an bia/na hearraí sin a cheannach bliain ó shin, cuir in iúl cén fáth nach amhlaidh atá a thuilleadh. (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Laghdú ar m'ioncam (sonraigh e.g., caillteanas poist, páirt-dífhostaíocht)	Méadú ar mo chostais (sonraigh e.g., mar gheall ar chostas maireachtála níos airde)	Cúis eile (sonraigh)	Ní bhaineann le hábhar mar ní raibh sé ar m'acmhainn anuraidh ach oiread	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B15. **Cén cineál comhairle nó treorach a fhaigheann tú (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)?**

Comhairle maidir le hullmhú/stóráil bia agus cothú (ceardlanna cócaireachta, oidis)	
Comhairle sláinte	
Atreorú chuig seirbhísí inniúla (e.g. seirbhísí sóisialta, seirbhísí riaracháin, etc.)	
Cóitseáil aonair agus ceardlanna	
Tacaíocht shíceolaíoch agus theiripeach	
Comhairle maidir le cuardach poist	
Comhairle maidir le buiséad teaghlaigh a bhainistiú	
Eile (le sonrú)	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ní bhaineann le hábhar mar ní bhfuair mé aon chomhairle ná treoir	
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B15.a. **Cé chomh húsáideach a cheap tú a bhí an chomhairle nó an treoir a fuair tú?**

An-úsáideach	Measartha úsáideach	Ní raibh sí an-úsáideach	Ní raibh sí úsáideach ar chor ar bith	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist nó ní bhaineann an cheist le hábhar

B15.b. **Mura raibh an chomhairle nó an treoir úsáideach, an bhféadfá a mhíniú cén fáth?**

[Bosca téacs]

B16. **An bhfuil cúnamh (bia, earraí nó comhairle) á fháil agat féin agus/nó ag baill eile de do theaghlach ó eagraíochtaí eile?**

Tá	Níl	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B17. **Tabhair freagra ar na ceisteanna thíos... (roghnaigh freagra ar gach focheist)**

	Is ea	Níhea	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist
a. an bhfuil aon ioncam agat ón obair?			
b. an bhfaigheann tú aon ioncam nó sochar eile?			
c. an bhfuil aon ioncam ón obair ag aon bhall de do theaghlach ([4])?			

([4]) Grúpa daoine, teaghlach go hiondúil, a chónaíonn le chéile.

d. an bhfuil aon ioncam nó sochar eile á fháil ag aon bhall de do theaghlach?			
e. an bhfuil tú i do náisiúnach den tír ina bhfuil tú faoi láthair?			
f. an bhfuil tú i do náisiúnach de thír eile den Aontas Eorpach?			
g. an iarrthóir tearmainn nó dídeanaí thú, nó an tairbhí de chosaint shealadach thú ([5])?			
h. an bhfuil aon mhíchumas ort?			

B18. **Cá bhfuil cónaí ort faoi láthair?**	
Tá cónaí orm i dteach ar liom féin é	
Tá árasán nó teach tógtha ar cíos agam	
Táim ag fanacht le mo mhuintir, le cairde nó le daoine eile	
Tá cónaí orm in áras le haghaidh seanóirí	
Tá cónaí orm i gcóiríocht do mháithreacha nó aithreacha aonair	
Tá cónaí orm in áras cónaithe do mhic léinn nó i mbrú d'oibrithe óga	
Tá cónaí orm i gcóiríocht d'iarrthóirí tearmainn	
Tá cónaí orm i gcarbhán nó i dteach soghluaiste	
Tá cónaí orm sa tsráid (in áitreabh suiteora, i slumaí, i bpubaill...)	
Tá cónaí orm i gcampa dídeanaithe	
Eile (le sonrú)	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B19. **An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat a rá faoin tacaíocht a fuair tú?**
[Bosca téacs]

([5]) Dírithe ar dhaoine easáitithe ó thíortha lasmuigh den Aontas nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh EUR-Lex - 32001L0055 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

IARSCRÍBHINN II

TEIMPLÉAD SUIRBHÉ STRUCHTÚRTHA AR THACAÍOCHT DHÍREACH CSE+ CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR DHÍTH ÁBHARTHA

CEISTEANNA

Eagraíocht an Agallóra: [ainm an eintitis a bhfuil an t-agallóir ag obair dó]

Áit: [cód poist na háite óna ndéantar an suirbhé]

An tairbhí a bhfuil tacaíocht á soláthar aige: [ainm na heagraíochta óna bhfuair an faighteoir deiridh cúnamh]

[an cineál eagraíochta]

[gníomhaíocht na heagraíochta: sláinte, oideachas, cosaint shóisialta, bia, tacaíocht chomhairleach, tacaíocht shíceolaíoch, tacaíocht tithíochta, eile]

Dáta: [dáta an tsuirbhé san fhormáid ll/mm/bbbb]

A. **Ceisteanna ar an tairbhí a sholáthraíonn tacaíocht go hindíreach, mar shampla, trí dhearbháin/cártaí**

A1. **Cén cineál cúnaimh agus cén daonra a dtugtar aghaidh orthu tríd an scéim? (tabhair freagra ar gach ceist)**	
Bia dáilte ar leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine gan dídean	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar mhná	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar thuismitheoirí aonair	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine faoi mhíchumas	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar náisiúnaigh tríú tír, ar dhaoine ó chúlra eachtrach nó ar dhaoine ó chúlra mionlaigh	(Is ea/Ní hea)
Bia dírithe ar spriocghrúpaí eile	(Is ea/Ní hea) (agus más ea, sonraigh an spriocghrúpa)
Earraí dírithe ar leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois	(Is ea/Ní hea)
Earraí dírithe ar dhaoine gan dídean	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar mhná	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar thuismitheoirí aonair	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine faoi mhíchumas	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar náisiúnaigh tríú tír, ar dhaoine ó chúlra eachtrach nó ar dhaoine ó chúlra mionlaigh	(Is ea/Ní hea)
Earraí dírithe ar dhaoine eile	(Is ea/Ní hea) (agus más ea, sonraigh an spriocghrúpa)

A2. **Cad is féidir leis na faighteoirí deiridh a cheannach leis an dearbhán nó cárta? (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**	
Bia	
Táirgí i dtaca le cúnamh ábhartha bunúsach (amhail táirgí sláinteachais)	
Ábhar/trealamh oideachais nó closamhairc	

Míreanna eile a dhíoltar in ollmhargaí seachas míreanna áirithe (alcól, tobac, etc.)	(sonraigh an mhír le do thoil)
Eile	(sonraigh)

A3. **Déan meastachán ar an líon iomlán daoine a mbeidh cúnamh trí dhearbháin nó cártaí atá á gcómhaoiniú faoi CSE+ faighte acu ó d'eagraíocht le linn na bliana féilire seo ina hiomláine** ([1])

{uimhir}

A4. **Má thugann tú cúnamh (bia/earraí) d'fhaighteoirí deiridh freisin nach bhfuil á chómhaoiniú faoi CSE+, cad a sholáthraítear agus cé dó a soláthraítear é? (tabhair freagra ar gach ceist)**

Bia dáilte ar leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine gan dídean	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar mhná	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar thuismitheoirí aonair	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine faoi mhíchumas	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar náisiúnaigh tríú tír, ar dhaoine ó chúlra eachtrach nó ar dhaoine ó chúlra mionlaigh	(Is ea/Ní hea)
Bia dáilte ar dhaoine eile	(Is ea/Ní hea) (agus más ea, sonraigh an spriocghrúpa)
Earraí dáilte ar leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine gan dídean	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar mhná	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar thuismitheoirí aonair	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine faoi mhíchumas	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar náisiúnaigh tríú tír, ar dhaoine ó chúlra eachtrach nó ar dhaoine ó chúlra mionlaigh	(Is ea/Ní hea)
Earraí dáilte ar dhaoine eile	(Is ea/Ní hea) (agus más ea, sonraigh an spriocghrúpa)
Níl a fhios agam mar níl sé inrianaithe	(Is ea/Ní hea)
Ní bhaineann le hábhar mar ní sholáthraímid ach tacaíocht atá á cómhaoiniú faoi CSE+	(Is ea/Ní hea)

A5. **Cén chomhairle (ar a dtugtar 'bearta tionlacain') a thairgtear d'fhaighteoirí dearbhán/cártaí? (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Comhairle maidir le hullmhú/stóráil bia agus cothú (ceardlanna cócaireachta, oidis)	

([1]) Maidir leis an suirbhé atá dlite in 2025, tagraíonn 'an bhliain féilire seo' don bhliain féilire 2024, mar atá, an bhliain ina ndearnadh an suirbhé. Maidir leis an suirbhé atá dlite in 2028, tagraíonn 'an bhliain féilire seo' don bhliain féilire 2027.

Comhairle sláinte	
Atreorú chuig seirbhísí inniúla (e.g. seirbhísí sóisialta, seirbhísí riaracháin, etc.)	
Cóitseáil aonair agus ceardlanna	
Tacaíocht shíceolaíoch agus theiripeach	
Comhairle maidir le cuardach poist	
Comhairle maidir le buiséad teaghlaigh a bhainistiú	
Tacaíocht eile (le sonrú)	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ceann ar bith (ní bhaineann le hábhar)	

A6. **Déan meastachán ar an líon faighteoirí dearbhán/cártaí a fuair comhairle/treoir atá á cistiú faoi CSE+ (bearta tionlacain) le linn na bliana féilire seo** ([2])

{uimhir}

A7. **Cad iad na coinníollacha nach mór d'fhaighteoirí deiridh a chomhlíonadh chun dearbháin nó cártaí agus comhairle a fháil atá á gcómhaoiniú faoi CSE+?**

[Bosca téacs]

A8. **Déan meastachán ar an méid airgid in euro a bheidh curtha ar fáil d'fhaighteoir deiridh trí dhearbháin/cártaí CSE+ chun bia/earraí a fháil sa bhliain féilire seo ina hiomláine** ([3])

{méid in EUR}

[Bosca téacs má tá gá le soiléiriú]

A9. **I do thuairimse, maidir leis na ceanglais riaracháin chun an scéim dearbhán/cártaí a bhainistiú, cén ceann díobh seo a leanas is infheidhme?**

'An-éasca iad a chomhlíonadh'	
'Éasca iad a chomhlíonadh'	
'Neodrach' (níl sé éasca ná deacair iad a chomhlíonadh)	
'Deacair iad a chomhlíonadh'	
'An-deacair iad a chomhlíonadh'	

A9a. **Má roghnaigh tú 'deacair iad a chomhlíonadh' nó 'an-deacair iad a chomhlíonadh', an féidir leat a mhíniú cén ceanglas nach raibh sé éasca é a chomhlíonadh?**

[Bosca téacs]

([2]) Féach an fonóta maidir le ceist A3.
([3]) Féach an fonóta maidir le ceist A3.

A10. **Cad iad na príomhbhuntáistí a bhaineann le dearbháin/cártaí i gcomparáid le bia/earraí a sholáthar go díreach?**
Agus cad iad na príomhdhúshláin a bhaineann le dearbháin/cártaí i gcomparáid le bia/earraí a sholáthar go díreach?

[Bosca téacs]

A11. **An bhfuil aon bharúil eile agat maidir leis an scéim chun dearbháin/cártaí a dháileadh ar na daoine is díothaí, maidir leis an gcomhar idir na hÚdaráis Bhainistíochta agus na Tairbhithe nó maidir le réitigh mholta ar dheacrachtaí/dúshláin a thagann aníos?**

[Bosca téacs]

B. **Ceisteanna d'fhaighteoir deiridh thacaíocht CSE+**

Ba cheart don agallóir cuspóir an tsuirbhé a mhíniú go hachomair sula gcuireann sé tús leis na ceisteanna (chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi staid phearsanta an fhreagróra agus faoi thuairimí an fhreagróra maidir leis an tacaíocht a fuair sé).Ba cheart faighteoir deiridh thacaíocht dhíreach CSE+ a chur ar an eolas gur suirbhé anaithnid atá ann agus gur chun críche an tsuirbhé seo, agus chun na críche sin amháin, a úsáidfear torthaí an tsuirbhé seo. Ba cheart an suirbhé príobháideachas na bhfaighteoirí deiridh a urramú.

B1. **Cad é d'inscne?**

Fireann	Baineann	Neamh-dhénártha	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B2. **Cén aois thú?**

0-17 bliain ([4])	18-29	30-64	65 nó os a chionn	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B3. **Cuir in iúl cé acu díobh seo a leanas a chuireann síos ar do stádas cónaithe...**

I do chónaí i d'aonair	
I do chónaí mar lánúin gan leanaí	
I do chónaí i d'aonair agus leanaí agat	
I do chónaí mar lánúin agus leanaí agat	
Eile, sonraigh:	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B4. **Conas a fuair tú amach go raibh an tacaíocht CSE+ atá á fáil agat ar fáil? (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Trí sheirbhísí sóisialta/eagraíochtaí neamhbhrabúis	
Trí fhógra sa phreas, fógráin, bróisiúir, cártaí poist	

([4]) I gcás inar leanbh é an faighteoir deiridh, ba cheart na freagraí a fháil ó thuismitheoir(í) nó ó ionadaí údaraithe.

Tríd an idirlíon/na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, YouTube)	
Trí do mhuintir nó trí chairde	
Eile, sonraigh:	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B5. **Cuir in iúl cé acu díobh seo a leanas a fuair tú trí dhearbháin/cártaí sa bhliain féilire seo. (is féidir roinnt boscaí a roghnú)**

	Is ea	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist
Bia		
Earraí		
Comhairle/treoir		

B6. **Cuir in iúl cé acu a bhí nó nach raibh an cúnamh a fuair tú trí dhearbháin nó cártaí úsáideach duitse nó do na daoine atá ina gcónaí leat.**

Bhí	Suas go pointe	Ní raibh	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B6a. **Má d'fhreagair tú 'Bhí' nó 'Suas go pointe', ar mhiste leat a chur in iúl cén fáth?**

[Bosca téacs]

B7. **Má fuair tú bia trí dhearbháin/cártaí atá á gcistiú faoi CSE+, cuir in iúl cé na táirgí bia is mó atá úsáideach. (is féidir roinnt boscaí a roghnú)**

Glasraí agus torthaí úra	
Feoil	
Iasc	
Bainne	
Táirgí déiríochta eile (im, iógart, cáis...)	
Táirgí bunúsacha (plúr, ola, siúcra, pasta, rís...)	
Bia stánaithe (glasraí, torthaí, feoil...) nó béilí ullmhaithe (anraithí, béilí reoite...)	
Milseoga, brioscaí, gránaigh bhricfeasta	
Tae nó caife	
Bia do naíonáin (bainne púdair, ...)	
Bia eile	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ceann ar bith (ní bhaineann le hábhar mar ní bhfuair mé bia)	

B8. **Má fuair tú bia trí dhearbháin/cártaí atá á gcistiú faoi CSE+, cuir in iúl cé na táirgí earraí is mó atá úsáideach. (is féidir roinnt boscaí a roghnú)**

Éadaí agus trealamh do naíonáin	
Éadaí agus trealamh do leanaí	
Éadaí agus trealamh do dhaoine fásta	
Málaí codlata/pluideanna	
Trealamh cistine	
Línéadach tí agus táirgí glantacháin	
Míreanna sláinteachais	
Earraí eile	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ceann ar bith (ní bhaineann le hábhar mar ní bhfuair mé earraí)	

B9. **An bia/na hearraí a fuair tú trí dhearbháin/cártaí, cé dó a bhfuil siad ceaptha?**

Dom féin	Do dhaoine fásta eile atá ina gcónaí liom	Do leanaí atá ina gcónaí liom	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B10. **Má bhí aon deacracht agat maidir le dearbháin/cártaí a fháil, cuir in iúl cén cineál deacrachta a bhí ann. (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Bhí moilleanna agam mar gheall ar nósanna imeachta nó doiciméid bhreise a bhí le cur ar fáil	
Bhí orm taisteal i bhfad	
Bhí náire orm, ní maith liom cúnamh a iarraidh	
Bhí deacrachtaí agam rochtain a fháil ar fhaisnéis	
Bhí deacrachtaí teicniúla agam (gan fón póca ná ríomhaire agam, ná rochtain ar shuíomhanna gréasáin...)	
Ní raibh an teanga ar mo thoil agam	
Eile (le sonrú)	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ceann ar bith (ní bhaineann le hábhar mar ní raibh aon deacracht agam)	
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B11. **An bia/na hearraí atá díreach faighte agat trí dhearbháin/cártaí, má bhí tú in acmhainn an bia/na hearraí sin a cheannach bliain ó shin, cuir in iúl cén fáth nach amhlaidh atá a thuilleadh. (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Laghdú ar m'ioncam (sonraigh e.g., caillteanas poist, páirt-dífhostaíocht)	Méadú ar mo chostais (sonraigh e.g., mar gheall ar chostas maireachtála níos airde)	Cúis eile (sonraigh)	Ní bhaineann le hábhar mar ní raibh sé ar m'acmhainn anuraidh ach oiread	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B12. **Cén cineál comhairle nó treorach a fuair tú? (is féidir roinnt freagraí a thabhairt)**

Comhairle maidir le hullmhú/stóráil bia agus cothú (ceardlanna cócaireachta, oidis)	
Comhairle sláinte	
Atreorú chuig seirbhísí inniúla (e.g. seirbhísí sóisialta, seirbhísí riaracháin, etc.)	
Cóitseáil aonair agus ceardlanna	
Tacaíocht shíceolaíoch agus theiripeach	
Comhairle maidir le cuardach poist	
Comhairle maidir le buiséad teaghlaigh a bhainistiú	
Eile (le sonrú)	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ní bhaineann le hábhar mar ní bhfuair mé aon chomhairle ná treoir	
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B12.a. **Cé chomh húsáideach a cheap tú a bhí an chomhairle nó an treoir a fuair tú?**

An-úsáideach	Measartha úsáideach	Ní raibh sí an-úsáideach	Ní raibh sí úsáideach ar chor ar bith	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist nó ní bhaineann an cheist le hábhar

B12.b. **Mura raibh an chomhairle nó an treoir úsáideach, an bhféadfá a mhíniú cén fáth?**

[Bosca téacs]

B13. **An bhfuil cúnamh (bia, earraí nó comhairle) á fháil agat féin agus/nó ag baill eile de do theaghlach ó eagraíochtaí eile?**

Tá	Níl	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist

B14. **Tabhair freagra ar na ceisteanna thíos... (roghnaigh freagra ar gach focheist)**

	Is ea	Níhea	Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist
a. an bhfuil aon ioncam agat ón obair?			
b. an bhfaigheann tú aon ioncam nó sochar eile?			
c. an bhfuil aon ioncam ón obair ag aon bhall de do theaghlach ([5])?			
d. an bhfuil aon ioncam nó sochar eile á fháil ag aon bhall de do theaghlach?			

([5]) Grúpa daoine, teaghlach go hiondúil, a chónaíonn le chéile

e. an bhfuil tú i do náisiúnach den tír ina bhfuil tú faoi láthair?			
f. an bhfuil tú i do náisiúnach de thír eile den Aontas Eorpach?			
g. an iarrthóir tearmainn nó dídeanaí thú, nó an tairbhí de chosaint shealadach thú ([6])?			
h. an bhfuil aon mhíchumas ort?			

B15. **Cá bhfuil cónaí ort faoi láthair?**

Tá cónaí orm i dteach ar liom féin é	
Tá árasán nó teach tógtha ar cíos agam	
Táim ag fanacht le mo mhuintir, le cairde nó le daoine eile	
Tá cónaí orm in áras do sheanóirí	
Tá cónaí orm i gcóiríocht do mháithreacha nó aithreacha aonair	
Tá cónaí orm in áras cónaithe do mhic léinn nó i mbrú d'oibrithe óga	
Tá cónaí orm i gcóiríocht d'iarrthóirí tearmainn	
Tá cónaí orm i gcarbhán nó i dteach soghluaiste	
Tá cónaí orm sa tsráid (in áitreabh suiteora, i slumaí, i bpubaill...)	
Tá cónaí orm i gcampa dídeanaithe	
Eile (le sonrú)	[Bosca téacs le líonadh isteach]
Ní mian liom an cheist a fhreagairt/níl a fhios agam/ní thuigim an cheist	

B16. **An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat a rá faoin tacaíocht a fuair tú?**

[Bosca téacs]

([6]) Dírithe ar dhaoine easáitithe ó thíortha lasmuigh den Aontas nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh EUR-Lex - 32001L0055 - EN - EUR-Lex (europa.eu).